Réamhrá

Féile náisiúnta is ea Rith 2012, agus mar is dual do fhéilte bíonn spraoi agus ceol agus baint leis. San aonad seo bainfidh na páistí taitneamh as Amhrán Rith (a cumadh don fhéile Rith in 2010) a chanadh agus moltar tabhairt faoi ag tús na hoibre ar fad faoi Rith 2012, mar is spreagadh iontach a bheidh ann i gcomhair na gceachtanna sna hábhair eile.

Chomh maith leis an amhrán a chanadh, tabharfaidh na páistí faoi ghníomhaíochtaí éagsúla a chuirfidh ar a gcumas éisteacht agus freagairt le ceol, agus a gcumas chun ceol a léiriú agus a chumadh. Ag deireadh an aonaid beidh deis ag an rang amhrán, rann, dán nó cantaireacht *(chant)* dá gcuid féin a chumadh agus a chur isteach i gcomórtas chun duaiseanna ranga a bhuachan.

Cuspóirí

- Go gcuirfeadh na páistí eolas ar Rith agus go mbeadh siad spreagtha níos mó a fhoghlaim faoi
- Go mbainfidh na páistí taitneamh as an amhrán a chanadh
- Go mbeadh na páistí in ann freagairt don bhuille sa cheol
- Go n-aithneodh na páistí na huirlisí ceoil atá le cloisteáil san amhrán
- Go mbeadh na páistí in ann cantaireacht dá gcuid féin a chumadh agus a sheinm

Acmhainní

- Pacáiste Rith 2012
  - Bileoga na ndaltaí > Aonad 1 > Uimh. 1, 4, 6, 7, 8, 9
  - Amhrán Rith- físeán agus comhad fuaime
  - Póstaer – Cúrsa Rith 2012
  - PowerPoint – Uirlisí ceoil atá le cloisteáil san amhrán
- Atlas nó léarscáil na hÉireann.
- Uirlisí ceoil – má tá siad ar fáil sa scoil
- Fearas taifeadta (má theastaíonn ón rang cur isteach ar an gcomórtas cumadóireachta)

Cur chuige: roinnt moltaí

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh thar tréimhse cúpla seachtaine.

Spreagadh spéise

- Taispeáin **an póstaer** a léiríonn **Cúrsa Rith 2012** (cóip chrua nó ar scáileán) agus mínigh go mbeidh daoine ag rith ar fud na tíre chun teanga agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh go feiceálach i bpobail ar fud na hÉireann agus airgead á bhailiú d'fhorbairt na Gaeilge.
- Iarr ar na páistí cuid de na háiteanna a ainmniú, agus tabhair leideanna chun cuid de na logainmneacha a éileamh. Mínigh go raibh Rith ar siúl cheana in 2010 agus go bhfuil cuid de na paistí, na scoileanna agus na grúpaí eile páirt ann le feiceáil ar an bhfíseán.
- Seinn **an físeán** den amhrán agus cuir ceist ar pháistí cén chuid is mó a thaitin leo/cén radharc is fearr leo, agus cabhraigh leo a dtuairimí a léiriú trí Ghaeilge.

Léiriú: canadh agus seinm ceoil

- Iarr ar na páistí bosa a bhuaileadh in am leis an gceol. Má tá cnaguirlisí sa scoil tabhair do pháistí éagsúla iad le seinm leis an amhrán.
- Taispeáin na focail (**Bileog 1**) ar an scáileán nó scaip cóipeanna agus spreag na páistí chun an t-amhrán go léir a chanadh.
- Roinn na páistí i ngrúpaí agus tabhair véarsaí dóibh le cleachtadh. Iarr orthu na háiteanna san amhrán a aimsiú ar a léarscáil féin agus a thaispeáint (ar léarscáil mhór) nuair a bhíonn an véarsa sin á chanadh.
- Iarr ar na páistí líne a chur faoi na háiteanna ar fad ina raibh siad riamh. Pléigh na háiteanna leis an rang: m.sh. *Cathain a bhí tú i gCorcaigh? Cé leis a ndeachaigh tú? Cad a chonaic tú ann?*
- Pléigh amhráin eile a bhaineann le spórt agus foghlaim *An Haka Gaelach* (**Bileog 9**).

Éisteacht agus freagairt

- Iarr ar na páistí éisteacht leis an amhrán agus na bearnaí a líonadh (**Bileog 7 nó 8**).
- Múin ainmneacha na n-uirlisí ceoil atá le cloisteáil san amhrán - tá **taispeántas PowerPoint** sa phacáiste mar chabhair. Mar dhúshlán breise múin ainmneacha uirlisí eile – go háirithe uirlisí coitianta traidisiúnta nó uirlisí atá ar fáil sa scoil. Déan mím agus tomhais chun an foclóir a chleachtadh in abairtí: m.sh. *Táim ag seinm an ghiotáir, An bhfuil tú ag bualadh an druma?*
- Seinn an comhaid fuaime (níos fearr ná an físeán mar go mbíonn béim ar éisteacht seachas féachaint) agus iarr ar na páistí na huirlisí a chloiseann siad a chlárú ar **Bhileog 3, 4 nó 6**, de réir a gcumas féin. Is iad seo a leanas na huirlisí atá le cloisteáil: *an fhliúit, an giotár, an t-orgán (Hammond), an fhidil, na drumaí, an cairdín pianó, agus an maindilín.*
- Pléigh cineálacha uirlisí éagsúla leis na páistí agus iarr orthu na huirlisí sa léiriú PowerPoint a rangú sna grúpaí sin. Éiligh tuilleadh samplaí chun cur leis na liostaí – ó bhéal nó liostaí scríofa.

  Gaothuirlisí: an fhliúit, an fheadóg stáin, an fheadóg mhór srl
  Cnaguirlisí: druma, bodhrán, bongo, srl
  Téaduirlisí: an fhidil, an giotár, an maindilín, an chláirseach, an dord, srl
  Feaguirlisí saorchreathacha: an cairdín pianó, an bosca ceoil, an consairtín srl

- Mar dhúshlán breise, iarr ar ghrúpaí páistí taighde a dhéanamh agus póstaeir a dhearadh faoi chineálacha éagsúla uirlisí ceoil.
- Seinn píosaí ceoil eile agus iarr ar na páistí na huirlisí a chloiseann siad a ainmniú.

Cumadóireacht

- Aimsigh na focail san amhrán a dhéanann rím le chéile. *M.sh. Domhnach Broc - Ros Muc; Ráth Chairn na Mí – Nás na Rí; Gort Lornán – Cluain Dolcáin; srl.* agus tabhair faoi deara nach bhfuil rím fhoirfe ann i gcónaí.
- Mínigh comhfhuaim – cineál speisialta ríme nuair a dhéanann gutaí rím le chéile. Ainmnigh na gutaí (gearra agus fada) agus aimsigh samplaí san amhrán. M.sh. *dhá chéad baile – leabhair staire; Chaisleán an Bharraigh - Cathair Chill Chainnigh, srl.*
- Iarr ar na páistí véarsaí eile a chumadh don amhrán – véarsa bunaithe ar Chúrsa Rith 2012, nó véarsa bunaithe ar an gceantar áitiúil.

- Roinn na páistí ina ngrúpaí agus iarr orthu cantaireacht/rap/amhrán dá gcuid féin a chumadh i gcomhair Rith 2013. Tar éis am cleachta tabhair deis do gach grúpa léiriú a dhéanamh don rang. Is féidir uirlisí ceoil a úsáid sa léiriú freisin.

Dúshlán breise – cuir isteach ar chomórtas Rith

- Roghnaigh rap/amhrán amháin agus cleacht é mar rang. Déan taifeadadh físe nó taifeadadh fuaime den rang ag canadh agus cuir isteach ar **Chomórtas Cumadóireachta Rith 2012**. Tuilleadh eolais ar **www.rith.ie/comortais**.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie	Tuilleadh eolais faoi Rith 2012, conas páirt a ghlacadh, comórtais srl.
http://comhaltas.ie/music/lang/ga	Suíomh Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ar a bhfuil comhaid fuaime, físeáin agus eolas faoin gceol traidisiúnta agus na huirlisí traidisiúnta.
www.cogg.ie	Téarmaí Ceoil trí Ghaeilge
Carroll Education	Póstaer faoin gceolfhoireann agus uirlisí ceoil